# Cláracha Iriseoireachta Iniúchta & Cúrsaí Reatha 2026

# An dáta deiridh d'iarratais: 13:00 an 20 Iúil 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Tá TG4 ag lorg iarratais ar chláir aonair uair a chloig nó mionshraith dhá pháirt uair a chloig ar fhad ina ndéantar cíoradh ar scéalta atá nó a bhí sa nuacht le déanaí atá préamhaithe sa saol Gaeilge agus / nó Gaeltachta, nó i saol na hÉireann trí chéile.

Scéalta iad seo ar féidir a léiriú go luath, a bhfuil an cead isteach aontaithe cheana féin agus a bhéas réidh le craoladh le linn clársceideal Fómhar 2026/Earrach 2027.
Beidh guth láidir ag na scéalta seo a bhéas mar ábhar spéise do réimse leathan lucht féachana TG4.

Moltar stíl agus cur chuige nuálach le béim láidir ar éifeacht na gclár ar ardáin theilifíse agus uile ardán TG4.

**Fad agus Líon na gclár** : 50' aonair nó 2 x 50'

**Buiséad in aghaidh na huaire**: suas le €90,000

*Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) agus is gá go mbeidh siad maoinithe go hiomlán ag TG4 taobh istigh den costas in aghaidh na huaire atá luaite thuas.*

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Iriseoireacht Iniúchta & Cúrsaí Reatha 2026**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Dáithí de Mórdha Daithi.demordha@tg4.ie nó Proinsias Ní Ghráinne proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*